Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/500

6.3.2026

**TREOIR (AE) 2026/500 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5 Márta 2026**

**lena leasaítear Treoir 2008/63/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáid tuairiscithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 106(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Threoir 2008/63/CE ón gCoimisiún ([1]) iomaíocht a chaomhnú sna margaí i dtrealamh teirminéil teileachumarsáide agus ceanglaítear ar na Ballstáit a dheonaigh cearta eisiacha nó speisialta do ghnóthais a áirithiú go dtarraingeofar siar na cearta eisiacha uile, chomh maith leis na cearta speisialta sin: (a) lena dteorannaítear líon na ngnóthas do dhá ghnóthas nó níos mó, de réir critéir nach bhfuil oibiachtúil, comhréireach ná neamh-idirdhealaitheach; nó (b) lena n-ainmnítear roinnt gnóthais iomaíocha, de réir critéir seachas na critéir dá dtagraítear i bpointe (a). Ceanglaítear le hAirteagal 3 den Treoir sin freisin ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an ceart ag oibreoirí trealamh teirminéil a allmhairiú, a mhargú, a nascadh, a chur i seirbhís agus a chothabháil.

(2) Leagtar síos le hAirteagal 7 de Threoir 2008/63/CE oibleagáid tuairiscithe ar dá réir a sholáthróidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún ag deireadh gach bliana a chuirfear ar a chumas dó faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 2, 3, 4 agus 6 den Treoir sin. Leagtar amach achoimre ar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 7 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/63/CE.

(3) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe ó thaobh faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir ar beartaíodh iad lena aghaidh agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú. Tá an méid sin i gcomhréir le sprioc an Choimisiúin, a fógraíodh i gCompás Iomaíochais mhí Eanáir 2025 ([2]) agus i dTeachtaireacht mhí Feabhra 2025 maidir le cur chun feidhme agus simpliú ([3]), ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad agus 35 % ar a laghad i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna').

(4) Tá cuspóirí Threoir 2008/63/CE bainte amach den chuid is mó toisc go bhfuil deireadh curtha de réir a chéile ag na Ballstáit le cearta eisiacha nó speisialta do threalamh teirminéil. I bhfianaise an mhéid sin, níl gá a thuilleadh leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 7 den Treoir sin tuarascáil a sholáthar don Choimisiún ag deireadh gach bliana lena gcuirtear ar a chumas dó faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 2, 3, 4 agus 6. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le tosaíocht an Choimisiúin ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas tuairiscithe sin.

(5) Ní dhéanann an togra chun an ceanglas tuairiscithe a scriosadh difear d'ábharthacht na gcuspóirí beartais ar bhonn Threoir 2008/63/CE.

(6) Le scrios Airteagal 7 de Threoir 2008/63/CE agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis, ceadaítear do na Ballstáit aisghairm a dhéanamh ar aon bheart trasuite a glacadh ina ndlíthe, ina rialacháin nó ina bhforálacha riaracháin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2008/63/CE a leasú dá réir sin,

([1]) Treoir 2008/63/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 maidir le hiomaíocht sna margaí i dtrealamh teirminéil teileachumarsáide (IO L 162, 21.6.2008, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/63/oj).

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Compás iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final.

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM(2025)47 final.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I dTreoir 2008/63/CE, scriostar Airteagal 7 agus Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN